# 13 Athbhreithniú Achtúireach ar an gCiste Árachais Shóisialaigh


**13.1** Ceanglaítear le dlí ar an Aire Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí athbhreithnithe achtúireacha ar staid airgeadais an Chiste Árachais Shóisialaigh a choimisiúnú agus a fhoilsiú gach cúig bliana ar a laghad.[1] Chuimsigh an t-athbhreithniú ar staid airgeadais an Chiste ar an 31 Nollaig 2015 réamh-mheastachán ó 2016 go 2071.[2] Léirítear fáltais agus caiteachas réamh-mheasta 'bonn-cháis' an Chiste i bhFíor 13.1.

**13.2** Réamh-mheastar san athbhreithniú go mbeidh gannchion sa Chiste ó 2021 suas go dtí 2071, agus go mbeidh gá le fóirdheontas Státchiste mór san fhadtéarma chun freastal ar riachtanais caiteachais leanúnacha in éagmais laghduithe ar leibhéal caiteachais nó arduithe ar ioncam ó Árachas Sóisialta Pá-Choibhneasa. Réamh-mheastar san athbhreithniú go mbeidh gá le fóirdheontas Státchiste €1.7 billiún, i dtéarmaí an phraghais réadaigh, in 2017, €5.6 billiún in 2035 agus €11.4 billiún in 2045. Is é glanluach láithreach na ngannchion réamh-mheasta comhiomlána sa todhchaí go 2071 ná €335 billiún bunaithe ar thoimhde fíor-ráta lascaine 1.5% in aghaidh na bliana.[3]

**13.3** Sa mheántéarma go fadtéarma, réamh-mheastar gurb é caiteachas a bhaineann le pinsean an cion is mó de chaiteachas an Chiste, ag éirí ó 70% in 2016 go thart ar 80% in 2071. Tá an t-ardú réamh-mheasta seo á chur i leith struchtúr daonra na hÉireann a bheith athraithe, go háirithe an méadú mór ar an líon daoine os cionn **aois phinsin an Stáit** - 66 bliana faoi láthair ach atá le hardú go 68 faoi 2028. Réamh-mheastar go n-ardóidh cionroinn an daonra atá os cionn aois phinsin an Stáit ó 12% in 2015 go 17% in 2035, agus go 23% in 2055.

**13.4** Go comhuaineach, réamh-mheastar go laghdóidh **cóimheas tacaíochta pinsinéirí** ó 4.9 oibrí do gach duine atá os cionn 66 bliana d'aois go 2.9 oibrí in 2035 agus 2 oibrí faoi 2055. Tugtar aird air sa tuarascáil go maolófar ar an staid seo beagán leis an ardú ar aois phinsin an Stáit go 67 sa bhliain 2021, agus go 68 in 2028. Meastar go n-ardóidh sé seo an cóimheas tacaíochta go 3.4 do gach duine aonair os cionn 68 in 2035, agus 2.3 oibrí do gach duine aonair os cionn 68 in 2055.

**Fíor 13.1 Fáltais agus caiteachas réamh-mheasta an Chiste Árachais Shóisialaigh, 2015 go 2071**




Foinse: Athbhreithniú Achtúireach ar an gCiste Árachais Shóisialaigh 31 Nollaig 2015 (Meán Fómhair 2017)

1 Alt 10 den Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú), 2005.

2 Críochnaíodh an t-athbhreithniú i Meán Fómhair 2017 agus cuireadh os comhair Thithe an Oireachtais é ar an 18 Deireadh Fómhair 2017.

3 Tomhas malartach ar dhliteanas todhchaí an Chiste Árachais Shóisialaigh is ea an dliteanas fabhraithe go dáta a éilíonn an AE chun críocha tuairiscithe, agus a úsáideann an Phríomh-Oifig Staidrimh ina tuarascáil dar teideal *Meastacháin ar Dhliteanais Phinsin na hÉireann 2015*. Ba é €231 billiún an dliteanas fabhraithe go dáta ag scéimeanna pinsin Stáit ar an 31 Nollaig 2015 de réir na tuarascála sin. I gCaibidil 10 d'athbhreithniú achtúireach an Chiste Árachais Shóisialaigh déantar comparáid idir an dá bheart.

**13.5** Cuimsíodh san athbhreithniú achtúireach anailís ar íogaireacht na réamh-mheastachán easnaimh maidir le hathruithe ar thoimhdí bunúsacha tábhachtacha (feic Fíor 13.2). Imríonn athruithe ar na thoimhdí maidir le fás ar fhíorthuilleamh agus ar ionchas saoil an tionchar is suntasaí ar ghannchion réamh-mheasta an Chiste Árachais Shóisialaigh.

**Fíor 13.2 Príomh-thoimhdí a úsáideadh in athbhreithniú achtúireach an Chiste Árachais Shóisialaigh[a]**

1. Glacadh leis gurbh é an fíor-fhás bliantúil ar OTI ná 5.2% in 2016, 4.3% in 2017, 3.7% in 2018 agus idir 1.5% agus 3.1% ina dhiaidh sin.
2. Glacadh leis gurbh é an gnáthráta boilscithe ná idir 1% agus 2% suas go 2018, 2.1% suas go 2021 agus 2% ina dhiaidh sin.
3. Glacadh leis go mbeadh ardú 7 mbliana d'fhir ar an ionchas saoil 66 bliana d'aois agus 5.9 bliain do mhná idir 2015 agus 2071.
4. Glacadh leis gurbh é an fás ar thuilleamh ná 1.9% in 2016, 1.4% in 2017 agus idir 1% agus 1.1% sa tréimhse 2018 go 2021. Glacadh leis go bhfásfadh fíorthuilleamh ag ráta 1.8% in aghaidh na bliana idir 2022 agus 2025, 1.2% ó 2026 go 2030, 1.4% ó 2031 go 2035 agus 1.5% in aghaidh na bliana don chuid eile den tréimhse réamh-mheastacháin. Glacadh leis go mbeadh méadú ar shochair i gcomhréir le fás ar fhíorthuilleamh.
5. Measadh go mbeadh titim mhór ar fhás fostaíochta ó bhuaic 2.9% in 2016 go 1.4% in 2021 agus go mbeadh sé ag 0.4% idir 2022 agus 2030, idir 0.2% agus 0.5% in aghaidh na bliana idir 2031 agus 2040, le meath ar rátaí fostaíochta ag 0.1% in aghaidh na bliana idir 2041 agus 2050 sula dtiocfaidh fás idir 0.1% agus 0.6% arís ina dhiaidh sin.
6. Réamh-mheastar go laghdóidh an cóimheas tacaíochta pinsinéirí ó 4.9 oibrí do gach duine aonair os cionn aois phinsin in 2015 go 2.1 oibrí do gach pinsinéir faoi 2071. Maolófar ar an staid seo leis an ardú ar aois phinsin an Stáit go 67 agus 68 faoi seach in 2021 agus 2028 ionas go dtiocfaidh feabhas air sin go 2.4 oibrí do gach pinsinéir faoi 2071.
7. Glacadh leis go mbeadh laghdú suntasach ar an ráta dífhostaíochta ó bhuaic 7.9% in 2016 go 6.4% in 2017, 5.8% in 2018 agus 5.5% sa tréimhse 2019 go 2021 sula méadóidh sé go 5.7% idir 2022 agus 2025 agus go bhfanfaidh sé socair ag 6.2% don chuid eile den tréimhse réamh-mheastacháin.

Foinse: Athbhreithniú Achtúireach ar an gCiste Árachais Shóisialaigh 31 Nollaig 2015 (Meán Fómhair 2017)


Nóta: a San athbhreithniú úsáideadh figiúirí eischuir réamh-mheasta 2016 agus réamh-mheastacháin ghearrthéarmacha 2017-2021 mar atá siad leagtha amach ag an Roinn Airgeadais sa Nuashonrú ar an gClár Cobhsaíochta in Aibreán 2017.

Bunaíodh na toimhdí atá mar bhonn faoi na réamh-mheastacháin fhadtéarmacha (2022+) ar réamh-mheastacháin a ritheann an Coimisiún Eorpach agus ba iad a bhí mar bhonn faoi Thuarascáil um Aosú 2018. Tá na tosca feabhsúcháin mortlaíochta bunaithe orthusan a d'úsáid an Phríomh-Oifig Staidrimh ina réamh-mheastachán daonra is déanaí (Réamh-mheastacháin Daonra agus Fórsa Oibre (2016 - 2046), dar dáta 2013). Léiriú is ea toimhdí eile ar thoimhdí maicreacnamaíocha agus déimeagrafaigh eile (e.g. fórsa oibre) a sholáthair an Roinn Airgeadais.

## Fás ar fhíorthuilleamh

**13.6** Glacadh leis san athbhreithniú go bhfásfadh fíorthuilleamh i gcaitheamh na tréimhse réamh-mheastacháin agus go n-ardófaí sochair an Chiste Árachais Shóisialaigh i gcomhréir leis an bhfás sin. Ciallaíonn sé seo go bhfásfaidh tuilleamh sa gheilleagar (agus dá réir sin rátaí sochair ranníocaigh freisin) ag corrlach os cionn ráta an bhoilscithe praghsanna ghinearálta. Ba é an toimhde bonn-cháis go bhfásfadh fíorthuilleamh ag meán-ráta bliantúil 1.5% don chuid is mó den tréimhse réamh-mheastacháin. Mar a thaispeántar i Fíor 13.3, mura bhfásann fíorthuilleamh ach ag ráta 1% in aghaidh na bliana, beidh easnamh réamh-mheasta €17.3 billiún in 2071 seachas an t-easnamh €22.2 billiún a réamh-mheastar faoin mbonn-chás.

**Fíor 13.3 Íogaireacht easnamh réamh-mheasta an Chiste Árachais Shóisialaigh i leith rátaí fáis tuillimh**




Foinse: Athbhreithniú Achtúireach ar an gCiste Árachais Shóisialaigh 31 Nollaig 2015 (Meán Fómhair 2017)

## Ionchas saoil

**13.7** Bunaithe ar *Réamh-mheastacháin Daonra agus Fórsa Oibre (2016 go 2046),* na Príomh-Oifige Staidrimh, glacadh leis san athbhreithniú go mbeadh ardú 7 mbliana d'fhir ar an ionchas saoil 66 bliana d'aois agus 5.9 bliain do mhná idir 2015 agus 2071. Nuair a ghlactar leis go mbeidh feabhsúcháin ar ionchas saoil ag leath na rátaí sin, réamh-mheastar go mbeidh easnamh €16 billiún in 2071 (murab ionann is €22.2 billiún). Is é is cúis leis seo ná go n-imríonn ionchas saoil tionchar ar an bhfad ama a mheastar go n-íocfaí na híocaíochtaí pinsin réamh-mheasta (na sochair ábhair is mó den Chiste Árachais Shóisialaigh).

## Tionchar Brexit


13.8 San athbhreithniú freisin rinneadh an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag Brexit ar chúrsaí airgeadais an Chiste Árachais Shóisialaigh a mheas, agus tugadh cuntas ar dhá chás a d'fhéadfadh éirí - tionchar diúltach leanúnach nó tuairt gheilleagrach ghearrthéarmach ghéar.

13.9 Rinneadh scrúdú san athbhreithniú ar chás ina mbeadh tionchar diúltach leanúnach ag Brexit san fhadtéarma, bunaithe ar na toimhdí seo a leanas

- de bharr tionchar diúltach fadtéarmach ar fhás, maolaítear ar mhéaduithe táirgiúlachta saothair, agus dá bharr sin tagann fás 1% in aghaidh na bliana ar fhíorthuilleamh (ó 1.5% in aghaidh na bliana san fhadtéarma sa bhonn-chás)
- laghdaítear 2% líon na ndaoine fostaithe don tréimhse uile, agus méadú comhionann ar líon na ndaoine dífhostaithe.

13.10 I gcás seo 'tionchar diúltach leanúnach', d'ainneoin go réamh-mheastar go laghdóidh fáltais ó Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasa de réir a chéile tar éis Brexit, meastar go mbeidh an 'bhearna' fhadtéarmach fhoriomlán idir ioncam agus caiteachas níos ísle ná mar a ceapadh (€17.1 billiún in 2071 i gcomparáid le €22.2 billiún sa bhonn-chás). Is amhlaidh an scéal toisc go bhfuil pinsin agus leibhéil sochair eile teoranta sa réamh-mheastacháin go méaduithe ar mheántuilleamh a mheastar go maolófar orthu sa chás iar-Brexit i gcomparáid leis an mbonn-chás.

**Fíor 13.4 Easnamh an Chiste Árachais Shóisialaigh réamh-mheasta faoin mbonn-chás agus cás 'tionchar diúltach leanúnach' Brexit**




Foinse: Athbhreithniú Achtúireach ar an gCiste Árachais Shóisialaigh 31 Nollaig 2015 (Meán Fómhair 2017)

13.11 Má tharlaíonn, seachas tionchar diúltach fadtéarmach, go dtarlaíonn tuairt gheilleagrach ghearrthéarmach ghéar d'Éirinn de thoradh ar Brexit agus go mbíonn laghdú mór ar fháltais ó Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasa, taispeánadh san athbhreithniú go mbeadh tionchar Brexit ar chúrsaí airgeadais an Chiste Árachais Shóisialaigh an-difriúil, agus réasúnta beag thar an tréimhse réamh-mheastacháin.

13.12 Sa chás seo, glacadh leis san athbhreithniú go mbeadh an tuairt gheilleagrach cosúil ó thaobh a méid de le cúlú eacnamaíochta 2008 agus go dtosódh sé in 2020. Glacadh leis go mbeadh téarnamh iomlán déanta laistigh de chúig bliana ón imeacht tosaigh, agus go mbeadh gach ní socair arís ina dhiaidh sin. Réamh-mheastar san athbhreithniú gurb é an costas réadach i dtéarmaí 2017 a bheidh le tuairt chomh mór seo ná €4.3 billiún.

## Conclúid

**13.13** Cleachtas fiúntach is ea an t-athbhreithniú achtúireach tréimhsiúil ar an gCiste Árachais Shóisialaigh a chumasaíonn plé eolach ar na himpleachtaí fadtéarmacha a mheastar a bheidh leis an gcinnteoireacht reatha.